

# RANNÁN NA SEIRBHÍSÍ CULTÚRTHA 2016

COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA nGALL

Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

2016:
Dearadh le On The Dot Design www.onthedot.ie
Clóbuailte ag Browne Printers
Foilsithe ag Seirbhísí Cultúrtha Comhairle Chontae Dhún na nGall
Lána Chnocán na Rós
Leitir Ceanainn
Contae Dhún na nGall
T: +353 74 915 3900


Aithníonn Seirbhísí Cultúrtha Comhairle Chontae Dhún na nGall nach bhféadfaí na tionscnaimh agus na cláir, ar a bhfuil cur síos déanta orthu san fhoilseachán seo, a chur i gcrích gan an tacaíocht fíorluachmhar a fhaightear óna bhfoireann, óna maoinitheoirí agus óna neagraíochtaí comhpháirtithe

# An Clár


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 2 |
| Cultúr | 4 |
| Seirbhís Leabharlainne Poiblí | 6 |
| Seirbhís Ealaíon | 16 |
| Ionad Cultúrtha Réigiúnach | 28 |
| Músaem Chontae Dhún na nGall | 34 |
| Seirbhís Cartlainne | 40 |
| Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall | 46 |
| Clár cuimhniúcháin céad bliain ar Éire 2016 | 51 |




*Seoladh 'Cultúir: Fís Straitéiseach do Sheirbhísí Cultúrtha 2016-2020'*
*ar an 28 Meitheamh 2016 san Ionad Cultúrtha Réigiúnach*
Grianghraf: Paul McGuckin





# Réamhrá

Tá sé mar aidhm ag an Roinn Seirbhísí Cultúrtha an saol a shaibhriú, mothú ionannais a fheabhsú, deiseanna cultúrtha agus sóisialta a mhéadú agus ár n-oidhreacht chultúrtha a chaomhnú do na glúnta atá ann anois agus a bheas ann sa todhchaí trí forbairt a dhéanamh ar na seirbhísí Leabharlainne, na nEalaíon, an Músaeim, na Cartlainne agus na hOidhreachta.

Aithníonn Comhairle Chontae Dhún na nGall go gcruthaíonn cultúr fiúntas sochaíoch inbhraite, go gcuireann sé dea-bhail chun cinn agus gcuireann sé ar fáil fiúntas dearfach eacnamaíoch, idir díreach agus neamhdhíreach.

Tá Seirbhísí Cultúrtha ina réimse tábhachtach oibre do Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus táimid bródúil go bhfuil Rannóg tiomnaithe buan againn chun seachadadh agus treorú a dhéanamh sa reimse seo.

Tá lúcháir mhór orainn Athbhreithniú ar Sheirbhísí Cultúrtha 2016 a chur i láthair, roghbhlúire ar réimse leathan de ghníomaíochtaí saibhre a cuireadh ar fáil le linn na bliana, agus níorbh é lainseáil an phlean straitéisí nua cúig bliana an ceann a ba lú acu, plean darbh ainm Cultúr, clár comórtha 1916 agus pleananna tosaithe don tionscnamh Creative Ireland.

Joe Peoples, Stiúrthóir

Eileen Burgess, Bainisteoir na Roinne



















*Seoladh 'Cultúir: Fís Straitéiseach do Sheirbhísí Cultúrtha 2016-2020'*
*ar an 28 Meitheamh 2016 san Ionad Cultúrtha Réigiúnach*
Grianghraif: Paul McGuckin

# Cultúr:

## Fís Straitéiseach do Sheirbhísí Cultúrtha 2016-2020



*Ba é an Cathaoirleach, an Clr Terence Slowey, a sheol Cultúr san Ionad Cultúrtha Réigiúnach i mí Mheithimh.*

Ag labhairt do ag an seoladh, dúirt an Clr Slowey an méid seo leanas: "Tá cultúr leithleach agus éagsúil Chontae Dhún na nGall ina fhoinse ollmhór bróid, agus tá ár gcontae agus a chultúr i gcónaí fite fuaite le chéile. Is fórsa an-chuimsithe fabhraithe é an cultúr seo a chuidíonn linn muid féin a chur in iúl agus a cheiliúradh mar dhaoine ilchineálach, traidisiúnta agus nua-aimseartha". Dúirt sé fosta "lenár gcultúr, ár dteanga, ár n-ealaín, ár leabharlanna agus ár n-oidhreacht a chosaint agus a chur chun cinn i gContae Dhún na nGall agus chun foirmeacha cultúrtha atá againn cheana féin agus cinn úra a spreagadh le rath a bheith orthu, caithfidh muid smaoineadh go taobhach, díriú go hard agus fís don todhchaí a rianú".

Dhearbhaigh Séamus Neely, Príomhfheidhmeannach an Chomhairle, tiomantas an Chomhairle d'fhorbairt chultúrtha. Dúirt sé go gcreideann Comhairle Chontae Dhún na nGall gurb infhestíocht a dhéanamh sna healaíona, i gcultúr, in oidhreacht agus sa teanga tiomantas do chontae níos folláine, níos críochnúla, níos saibhre agus níos rathúla agus go bhfuil foireann agus baill Chomhairle Contae Dhún na nGall tiomanta do chur i bhfeidhm Cultúr.

Mhol Joe Mulholland, Stiúrthóir Scoil Samhraidh MacGill, an Comhairle ar a tacaíocht fadtréimhseach seasmhach d'fhorbairt chultúrtha.Chuir sé béim ar an ghá atá leis an tacaíocht seo a choinneáil agus a chaomhnú agus leag sé béim ar thraidisiún saibhir liteartha Dhún na nGall mar thraidisiún a bhfuil tuilleadh fócais de dhíth air.

Ar mhaithe leis an phlean a fhorbairt tugadh cuireadh don phobal saincheisteanna tábhachtacha a aithint, an dóigh ina bhféadfadh na Seirbhísí Cultúrtha dhul i ngleic leo go réalaíoch nó tacú leo agus cad é ar chóir do na Seirbhísí Cultúrtha díriú orthu mar réimsí tosaíochta.

Cuirtear Cultúr i láthair mar sé eochair-réimse: Rannpháirtíocht Phoiblí, Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Ionchuimsiú Sóisialta, Tacaíocht do na hEalaíona agus Eagrais Ealaíon, Caomhnú agus Cur Chun Cinn Oidhreacht Chultúrtha, Cruthú Caidreamh le Páirtithe Leasmhara agus Páirtnéirí agus, ar deireadh, Forbairt ar Sheirbhís Chultúrtha d'Ardcháilíocht Inbhuanaithe. Lena chois sin, tá forbairtí caipitiúla do na cúig bliana amach romhainn san áireamh.




*An Lár-Leabharlann*
Grianghraf: Paul McGuckin





# Seirbhís Leabharlainne Poiblí

Cuireann Comhairle Chontae Dhún na nGall ar fáil gréasán leabharlann ar fud an chontae, ar a n-áirítear 8 leabharlann pobail i mBealach Féich/Srath an Urláir, Bun Crannchа, Bun Dobhráin, Carn Domhnach, Gaoth Dobhair, Leifear, Baile na nGallóglach agus Na Rosa, agus 4 leabharlann bhrainse i mBéal Atha Seanaidh, Baile Dhún na nGall, Bun an Phobail agus Ráth Bhoth, agus an Lár-Leabharlann i Leitir Ceanainn. Cuireann pointí for-rochtana pobail Taobh Tíre agus Leabharlann Taistil Trasteorann leis an ghréasán. Tá sonraí faoina seirbhísí go léir le fáil ar líne ag www.donegallibrary.ie. Le linn 2016, tugadh 336,700 cuairt ar na leabharlanna agus fuarthas 328,000 mír ar cíos.





*An Lár-Leabharlann*
Grianghraf: Paul McGuckin

## Leabharlann Ar Líne

I mí Eanáir, chuaigh Seirbhís Leabharlainne Chontae Dhún na nGall i bpáirtíocht leis an tseirbhís e-leabhair agus e-closleabhair náisiúnta, a chur ar fáil rochtain ar réimse acmhainní breisithe. Chomh maith leis sin, cuireann muid ar fáil rochtain ar líne chuig bailiúchán náisiúnta de nuachtáin, irisí, foghlaim teanga agus cúrsaí ar líne, maraon le hábhair tagartha ar líne. Tá na seirbhísí seo ar fáil fríd an rannóg do Leabharlann  Ar Líne ag www.donegallibrary.ie.

## WiFi Saor in Aisce

D'oibrigh leabharlanna Dhún na nGall le IS ar mhaithe le seirbhísí WiFi saor in aisce a chur ar fáil i ngach gréasán Leabharlainne. Ligeann an gréasán seo, chomh maith le háiteanna eile i gComhairle Chontae Dhún na nGall, do chuairteoirí leabharlainne ceangal a bheith acu le seirbhísí WiFi saor in aisce, seirbhísí leabharlainne ar líne san áireamh, i rith na huaireanta oscailte.

## Ceangal le Seirbhís Leabharlainne na hÉireann

I ndiaidh dlúth-tréimhse ullmhúcháin, chuaigh an tseirbhís beo le Sierra, córas nua bogearraí do bhainistíocht leabharlainne i mí Iúil. De bhrí go ndearna muid é seo, chomhcheangail muid le leabharlainn eile ag ofráil catalóg roinnte leabharlainne, ag comhroinnt leabhar agus míreanna eile idir leabharlanna.

Is é atá i Leabharlanna Éireann ná córas bainistíochta roinnte leabharlainne a ligeann do dhuine ar bith a bhfuil cárta leabharlainne poiblí acu leabhair a fháil ar cíos agus a chur in áirithe ó aon leabharlann phoiblí i bPoblacht na hÉireann. Lean muid ar aghaidh ag ofráil ballraíocht leabharlainne saor in aisce i nDún na nGall agus tig leis na baill anois a gcárta leabharlainne a úsáid ar fud na tíre. Bailítear agus seachadtar míreanna idir na leabharlanna ar bhunús dhá uair sa tseachtain.

## Bogann Leabharlann Phobail Bhealach Féich a suíomh

D'oscail Leabharlann Phobail Bhaile Cúplach i mí Mheithimh ag a áit úr san Ionad Fiontair ar a dtugtar The Base, Srath an Urláir. Mar gheall ar a suíomh úr, bhí ainm úr de dhíth agus anois tugtar an Leabharlann Phobail Bhaile Cúplach uirthi. Tá an leabharlann úr chorr a bheith dhá uair chomh mór agus cuireann sé ar fáil spás oscailte, geal agus aerach. Cheadaigh an spás breise forbairt ar saincheantair tiomnaithe do pháistí, déagóirí agus FT.

## Leabharlann RFID, Bun Cranncha

Tugadh isteach both RFID féinseirbhíse i Leabharlann Phobail Bhun Cranncha, rud a rinne níos simplí é do baill na leabharlainne leabhair a fháil ar cíos agus a thabhairt ar ais laistigh den leabharlann.



*Azeez Obabire (An Nigéir) ag léamh sa Lár-Leabharlann*
Grianghraf: Paul McGuckin




## EDIC

EBhí níos mó ná 9,000 teagmháil phearsanta le saoránaigh Dhún na nGall ag an Ionad um Rochtain Dhíreach Faisnéise don Eoraip i nDún na nGall agus sa Ghaeltacht agus freagraíodh thar 1,000 fiosrúchán le ríomhphost agus fón. Eagraíodh tríocha dó imeacht ar a n-áirítear ceardlanna ar athrú aeráide, gainneáil ar dhaoine, agus caint ó Matt Carthy, Feisire de Pharlaimint na hEorpa, ar The EU as a Global Actor. Bhí cuspóir tábhachtach ag an Ionad in 2016, sé sin cur chun cinn a dhéanamh ar an phlean 10 bpointe d'uachtarán an AE, Jean Claude Juncker, a bhuí do scríobh 10 alt míosúil sa nuachtán, an Donegal News. Maraon leis sin, d'oibrigh an Ionad chun cur chun cinn a dhéanamh ar shaoránacht ghníomhach an AE agus athleasú Talmhaíochtatrí thacaíocht a thabhairt do imeachtaí ábhartha i bhFéilte Wainfest agus Bealtaine.

*Breithiúna Ardán Cainte Europe Direct: Matt Carthy FPE, Caitlín Uí Chochláinn (Comhairle Chontae Dhún na nGall), Deirdre Hines agus Andrew Galvin*

Grianghraf: Paul McGuckin




*Cainteoirí Ardán Cainte Europe Direct*
Grianghraf: Paul McGuckin

## Read DL

Lean Read DL ar aghaidh ag fás i nDún na nGall i rith 2016, agus bhí sé mar chuid de chlár comórtha Dhún na nGall 1916. Is clár litearthachta an-rathúil é Read DL ar fud na tíre, ag spreagadh scoileanna agus pobal Dhún na nGall chun an leabhar céanna a léamh ag an am céanna, le héagsúlacht gníomhaíochtaí ag tarlú ar an téama.

Is é an leabhar a roghnaíodh ná Blood Upon the Rose - Easter Rising 1916 le Gerry Hunt. Is cuntas beoga agus lán aicsean ar an imeacht atá ann, i stíl grafach grinn, a thaitnigh le hóg agus aosta. Ba é an Frank McNally, colúnaí The Irishman's Diary san Irish Times, a lainseáil Read DL 2016 go luath i mí Feabhra agus reachtáil sé go dtí go luath i mí Mhárta.




*Wainfest 2016*
Grianghraf: Paul McGuckin

## Wainfest

Bhí níos mó ná 3,400 páistí rannpháirteach in Wainfest a bhí ar siúl i mí Dheireadh Fómhair. Séard atá in Wainfest ná Féile Bhliantúil um Ealaín agus Leabhar do Pháistí i nDún na nGall agus déantar iarracht an chuid is fearr d'ealaín, de chultúr agus de litríocht a ofráil do pháistí atá idir 4 bliana agus 12 bliain. Bhí 79 imeacht scoile agus 17 imeacht teaglaigh de Wainfest ar siúl sna leabharlanna poiblí, ionaid Taobh Tíre, Músaem an Chontae agus san Ionad Cultúrtha Réigiúnach. Cé go raibh na seónna, na himeachtaí agus na taispeántais iontach taitneamhach don lucht féachana/lucht éisteachta óga, ba iad na cinn a b'fhearr leo ná Barking Dog Pinocchio san Ionad Cultúrtha Réigiúnach, ag a raibh lucht féachana de 429 aige, agus Revolting Rhymes, a cuireadh ar siúl i Leabharlanna Bhaile na nGallóglach, Bun Cranncha, Bealach Féich/Srath an Urláir, Na Rosa agus Gaoth Dobhair agus bhí 356 lucht féachana acu sin. Mheall an seó How to Train Your Dragon a taispeánadh sa Lár-Leabharlann agus i Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair 359 páistí.



## Seachtain na Gaeilge

TBhí an fhéile bhliantúil, Seachtain na Gaeilge, a eagraítear i gcomhar leis an Oifigeach Gaeilge, Comhairle Contae Dhún na nGall, ar siúl ón 1ad go dtí an 17ú Márta 2016. Rinne an Cathaoirleach, an Clr Ciarán Ó Brógáin, an clár a lainseáil i Leabharlann Bhun Dobhráin ar an 29ú Feabhra. Labhair an Clr Mícheál Ó Cuinn, Cathaoirleach Choiste Na Gaeilge, ag an lainseáil fá thábhacht na féile agus an teanga Ghaeilge a choinneáil beo. Rinneadh ceiliúradh ar an Teanga agus ar an Cultúr i gcorradh agus 120 imeacht ar fud Dhún na nGall. Bhí réimse leathan imeachtaí ann, ó seisiúin scéalaíochta do pháistí go Ceol Gaelach do dhaoine fásta. D'fhreastail níos mó ná 1,800 páistí agus daoine fásta ar na himeachtaí.



*Imeacht feirmeoireachta EDIC sa Lár-Leabharlann, Wainfest 2016*
Grianghraf: Leabharlann Chontae Dhún na nGall

## Bealtaine

I mí na Bealtaine, bhí an 9ú ceann déag d'Fhéile na Bealtaine bliantúil ar siúl i nDún na nGall. Lean téama na Bealtaine ar aghaidh le taiscéaladh trí bliana ar Náisiúntacht agus Saoránacht agus, go speisialta, ar an chéad ghlúin de shaoránaigh a bhí i Saorstát Éireann. Mheabhraigh an fhéile fosta ar cén áit a bhfuil muid go cultúrtha mar náisiún agus daoine atá ag aibiú. Tharla mórán imeachtaí ag ceiliúradh cruthaitheacht i leabharlanna, in Ionaid Taobh Tíre, in ionaid ealaíon agus pobail, in otharlanna pobail agus in Ionaid Cúram Lae. Chuimsigh na himeachtaí foirmeacha ealaíon macasamhail ceol agus damhsa, léachtaí staire, cniotáil agus cróiseáil maraon le cineama agus ranganna ealaíon. Ba é an tIonad Cultúrtha Réigiúnach agus an tSeirbhís Leabharlainne a d'eagraigh an fhéile i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtithe. Rinne an Clr Ciarán Brogan, Cathaoirleach, an fhéile a sheoladh agus ina dhiaidh bhí Gráinne Hines ó Active Ireland ann.



*Ceardlann Lego EDIC sa Lár-Leabharlann*
Grianghraf: Leabharlann Chontae Dhún na nGall

## Clár Léitheoireachta Summer Stars

Ghlac corradh agus 1,700 páiste páirt sa chéad clár léitheoireachta náisiúnta samhraidh darbh ainm Summer Stars. Bhí an clár saor in aisce do gach páiste agus é mar aidhm aige tacaíocht agus forbairt a dhéanamh ar léitheoireacht na bpáistí le linn míonna an tsamhraidh. Thosaigh an eachtraíocht léitheoireachta le gach páiste ag fáil a gCárta Léitheoireachta Summer Stars chun stampa léitheoireachta a thaifeadú i ndiaidh gach leabhar a bheith léite. Ag deireadh an chláir, tugadh cuireadh chuig ócáid dhámhachtana do na páistí go léir a ghlac páirt. Le cuidiú le cur chun cinn an chláir, cheap gach contae ambasadóirí. Bhí muid iontach adhúil i nDún na nGall go raibh tacaíocht againn ó Chaptaen Dhún na nGall, Michael Murphy, agus ó Kevin McHugh, peileadóir le Cláirsí na Finne.

## Bookworm Babies

Ó láinseáladh é i mí Dheireadh Fómhair 2013, chuaigh Bookworm Babiesó neart go neart, le corradh agus 720 ball cláraithe agus beagnach 3,800 mír ar cíos ag deireadh na bliana 2016. Is tionscnamh é Bookworm Babies a ghlac an tseirbhís Leabharlainne chuici féin i gcomhar le Lifestart agus an FSS. Cuireann sé ar fáil ballraíocht leabharlainne uathoibríoch do leanaí nuabheirithe, agus ag an am céanna tabharann sé spreagadh do pháistí níos sine úsáid a bhaint as seirbhísí leabharlainne trí oibriú le tuismitheoirí.




*Taispeántas 'Réalta an tSamhraidh' 2016*
Grianghraf: Leabharlann Chontae Dhún na nGall



*Leabharlann na mBailte Cúplacha*
Grianghraf: Leabharlann Chontae Dhún na nGall

## Deich mBliana na gCuimhniúchán 1916-2016

Chuir an tSeirbhís Leabarlainne ollchlár imeachtaí ar siúl do Dheich mBliana na gCuimhniúchán 2016. Fuarthas maoiniú ó Ireland 2016. Cuireadh tús leis an bhliain le traenáil d'fhoireann na Seirbhísí Cultúrtha i mí Eanáir, faoi threoir Maureen Hetherington agus Séamus Farrell ón Junction, Doire. Tá an Junction rannpháirteach in obair do chaidreamh pobail ar a n-áirítear cothú na síochána, oideachas cultúrtha agus ag déileáil leis an am atá thart. Bhí sé mar aidhm ag na ceardlanna feasacht a ardú ar na cuimhniúcháin i measc na foirne agus an tábhacht atá le comóradh a dhéanamh go hurramach.

## Ceardlanna ar Eitic agus Comhchuimhniúchán

I míonna Eanáir agus Feabhra bhí cúig cheardlann ar Eitic agus Comhchuimhniúchán sa Lár-Leabharlann. Pléadh Éirí Amach na Cásca agus na cúig théama den chlár cuimhniúcháin: Cuimhniú, Athmhuintearas, Tíolacadh, Samhlúchán agus Ceiliúradh. Ba iad foireann an Junction a reáchtáil na ceardlanna le cuidiú ón Dr Johnston McMaster. Bhí 92 duine rannpháirteach.

## Ag Cuimhniú ar 1916 – Comhdháil ar Eitic agus Dearcthaí Domhanda

D'éascaigh an Dr Johnston McMaster, léachtóir agus comordaitheoir an chláir Oideachas d'Athmhuintearas sa Scoil Éacúiméinice na hEireann, Béal Feirste, agus an Dr Cathy Higgins, Ollamh Cúnta an chláir, d'éascaigh siad Comhdháil ar Eitic agus Dearcthaí Domhanda i mí Feabhra. Bhí baint ag an téama leis na ceardlanna. D'fhreastail 50 duine ar an chomhdháil agus ba é an Cathaoirleach, an Clr Ciarán Brogan, a d'oscail é. Chuir an Dr McMasteri láthair a chuid smaointe ar an dóigh ina bhféadfaí imeachtaí, macasamhail Éirí Amach 1916, a chomóradh go hoiriúnach, agus chuir an Dr Higgins i láthair tuairim spéisiúil ar mhná agus an Éirí Amach agus an dóigh inar airigh ealaíontóirí liteartha an Éirí Amach.



*An Lár-Leabharlann*
Grianghraf: Paul McGuckin



*Radharc ó léiriúchán camchuairte an Amharclann Náisiúnta de 'Observe the Sons of Ulster Marching Towards the Somme,' le Frank McGuinness, ina bhfuil an t-aisteoir as Leitir Ceanainn, Iarla Mac Gabhann (lár), a bhí ar siúl in Amharclann an Ghrianáin i mí Iuil*
Grianghraf: An Amharclann Náisiúnta

# Seirbhís Ealaíon

Tugann Seirbhís Ealaíon an Chontae tús áite do leasú leanúnach ar rochtain agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheachai measc gach ball den phobal, cur chun cinn agus forbairt ar fiúntas oideachasúil na n-ealaíon agus an tacaíocht ar cháilíocht agus nuálaíocht i rannóg na n-ealaíon.



## An Clár do Chomhpháirtíocht Straitéiseach do Maoiniú Ioncaim

Thug Comhairle Chontae Dhún na nGall maoiniú ioncaim suntasach de €66,000 do ghréasán na n-eagrais ealaíon neamhspleách sa chontae - ar a n-áirítear Ionad Ealaíon Balor agus Ealaíona Forbartha Pobail Bhalor, Bealach Féich, Ionad Ealaíon na Mainistreach, Béal Átha Seanaidh, Artlink ag Dún Fhraoigh, An Gailearaí i nAislann Ghaoth Dobhair, grúpa ealaíontóirí An Cosán Glas, Gort a'Choirce/ An Fál Carrach agus Preas an Summer Palace igCill Chartha.

## An 16ú Féile Bhá Dhún na nGall agus na Cruacha Gorma

Bhí an 16ú Féile Bhá Dhún na nGall agus na Cruacha Gorma ar siúl ag deireadh mí Mheán Fómhair agus go luath i nDeireadh Fómhair i gcuid mhór bailte agus sráidbhailte i nDeisceart agus in Iardheisceart Dhún na nGall, ar a n-áirítear Béal Átha Seanaidh, Bealach Féich, Baile Dhún na nGall, Leghawney, Inbhear, Dún Cionnaola, Cill Chartha, Gleann Cholm Cille, Ard a'Rátha agus na Gleanntaí. Den chéad uair, d'éirigh go han-mhaith le cuid d'imeachtaí na féile i Leitir Ceanainn.

Bhí corradh agus 5,000 duine rannpháirteach ina imeachtaí na Féile ar bhain siad sult as, go speisialta as an amharclann. Den chéad uair, taispeánadh dhá dhráma nuachumtha le scríobhnóirí as Dún na nGall - In My Minds Eye, saothar galánta atmaisféarach le Shirley-Anne Bonner ar shaol an fhile ó Shrath an Urláir, Frances Browne ón 19ú céad, agus Mother Loss, dráma le Maura Logue ar shaol agus ré Mary Wollstonecroft, feimineach ceannródaíoch ó Shasana (gurbh as Béal Átha Seanaidh a máthair Elizabeth Dixon). Lena chois sin, chuir an cumadóir as Inis Eoghain, Kate O'Callaghan, i láthair saothar úrnua ceolseó, *The Girl With The Beret,* sraith amhráin cumtha aici féin, le tionlacan ón Camerata String Ensemble Dhún na nGall.

Sa chlár chomh maith chuir Ciorcal Drámaíochta Dhún na nGall i láthair The Cripple of Inishmann, le Martin McDonagh, agus chuir Comhlacht Amharclainne an Balor Rep i láthair *Fly Me to The Moon,* le Marie Jones, in Inbhear, Bealach Féich, Béal Átha Seanaidh, Gleann Cholm Cille agus in Ard a'Rátha.



*Radharc as 'Mother Loss' le Maura Logue, dráma nua curtha ar fáil ag Léiriúcháin Dark Daughter in Ionad Ealaíona na Mainistreach, Béal Átha Seanaidh, le tacaíocht ó Sheirbhís Ealaíona Chomhairle Contae Dhún na nGall*
Grianghraf: Catriona Bonner

## An 16ú Tionscadal Bliantúil de Charnabhal Bhéal Átha Seanaidh

Ghlac tionscadal Charnabhal Bhéal Átha Seanaidh téama stairiúil chuige féin, ag comóradh 100 bliain d'Éirí Amach na Cásca maraon le Cath na Somme faoin teideal *Army Dreamers.* Bhí suas le 300 daoine óga agus daoine fásta páirteach sa chlár ceardlainne sé seachtainí roimh an imeacht. Bhí ionchur ag ealaíontóirí proifisiúnta, ag comhlachtaí amharclainne agus carnabhail sa tionscadal chomh maith, ina measc amharclann tírdhreacha LUXe (Inis Eoghain), Stiúideonna an Workhouse (Sligeach), Dark Daughter Productions (Bun Dobhráin), Réalta (Gaillimh) agus ealaíontóir pobail Tom Meskell (Co na hIarmhí). Lena chois sin, bhí Banna Píbe Cuimhneacháin Thiepval as Conmhaigh, Bhanna Druma agus Fífe Crickamore ón Machaire agus Banna Óg Bhaile Dhún na nGall.



*Scoláirí Idirbhliana ó Choláiste Choilm Cille, Béal Átha Seanaidh, ag imirt na páirteanna de na hOifigigh Earcaíochta sa Finale de Pharáid Charnabhal 'Army Dreamers' i mBéal Átha Seanaidh*
Grianghraf: Catriona Bonner



*An Banna Píb Cuimhneacháin Thiepval, Conmhaigh, ag seinm a gcuid ceoil sa Pharáid Carnabhail 'Army Dreamers', i mBéal Átha Seanaidh mar chuid d'Fhéile bhliantúil Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Ghorm*
Grianghraf: Jerome Keeney




*Vótaí do Ghrúpa Carnabhail na mBan, ar a n-áirítear baill de Ghrúpa Ban Lawne Parke, Béal Átha Seanaidh, Gréasán Ban Dhún na nGall agus togra 5050 an Iarthuaisceart – Dún na nGall/Sligeach/Liatroim, a bhí rannpháirteach sa Pharáid Carnabhail 'Army Dreamers' i mBéal Átha Seanaidh*
Grianghraf: Andrea Whelan

## Oíche Chultúrtha

Chruthaigh rannpháirtíocht Leitir Ceanainn, den ochtú uair, in Oíche Chultúrtha Náisiúnta, ar an Aoine, Meán Fómhair 16, níos mó ná 4,000 cuairt chuig 23 áiseanna agus imeachtaí chultúrtha.

I measc na n-ionad nua bhí Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn, ina raibh taispeántas físealaíon, Halla na Máisiún, Leitir Ceanainn, (ceann de na hionaid a ba ghnóthaí ar an oíche), stiúideonna úrnua rince Chomhlacht Rince ZoNa agus Oíche Airneáil do litríocht, ceol agus treoraithe ag físealaíona i nDámhlann an Ghleanna i nGort a'Choirce.

San iomlán, bhí an clár ar siúl in 23 ionad, ar a n-áirítear Páirc Bhaile Leitir Ceanainn, Músaem Chontae Dhún na nGall, an Lár-Leabharlann, an tIonad Cultúrtha Réigiúnach, Amharclann an Ghrianáin, Caifé Ógra Foróige an LOFT, Ardeaglais Naomh Adhamhnáin, Eaglais na Paróiste agus Ionad Paróiste Chonbháil agus na Stiúideonna Ealaíon Create-A-Link / Gailearaí ArtCo.

Rinne an tIonad Cultúrtha Réigiúnach, Músaem Chontae Dhún na nGall, an Lár-Leabharlann agus an Oifig Oidreachtacion roinnt mhór do rathúlacht an chláir. Ceann de na buaicphointí ab ea suiteáil Willie Doherty, ealaíontóir as Doire/Dún na nGall, le téama 1916 darbh ainm Loose Ends san Ionad Cultúrtha Réigiúnach, ag a raibh ceann de na hOícheanta Cultútha a ba ghnóthaí go dtí seo. D'óstáil Músaem Chontae Dhún na nGall *County Donegal in 1916: Our Story,* taispeántas meallacach a rinne taiscéaladh ar mhórimeachtaí 1916 ó pheirspictíocht Dhún na nGall. Sa Lár-Leabharlann bhí cur i láthair ón ghrúpa tíre áitiúil ón Pholainn, na Hazels, maraon le Club Amhránaíochta Ros Goill agus John McNutt, agus d'eagraigh an Oifig Oidhreachta turas siúlóide ar *Lawrence's Letterkenny,* faoi threoir Oifigeach Ailtireachta an Chomhairle Oidhreachta, Colm Murray, turas a bhí an-sásúil.

Ba iad Seirbhísí Cultúrtha Chomhairle Contae Dhún na nGall a rinne comhordú agus cur i láthair ar an Oíche Chultúrtha i Leitir Ceanainn, le tacaíocht ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Bhí imeachtaí comhuaineacha de Oícheanta Cultúrtha, a bhí comhordaithe agEalaín naGaeltachta, ar fud na ceantair Gaeltachta sa chontae.

## Féile Rince Aerga na hÉireann

Bhí Seirbhís Ealaíon Dhún na nGall ina bpáirtnéirí leis an Rince Aerga Fidget Feet agus Amharclann an Ghrianáin chun an 7ú Féile Rince Aerga na hÉireann a chur i láthair i Leitir Ceanainn. Rinne an Féile gnébheochan ar clár cónaitheach leitheadach de ranganna speisialta de rince aerga, a bhí éascaithe ag 10 cleachtóir atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Ghlac breis agus 130 damhsóir ó 20 tír as 3 mhór-roinn páirt san Fhéile a stiúraigh Chantal McCormick, cóiréagrafaí as Bealach Féich.

## Ag Infheistiú i gCruthú Saothar Úr Ealaíon i nDún na nGall

Ceann de na róil is tábhachtaí den tSeirbhís Ealaíon is ea ag spreagadh an cruthaitheacht agus an cur i láthair ar shaothar úr ealaíon. Bhí na saothair seo a leanas i measc na cinn ar tugadh tacaíocht dóibh.

Bhí an tSeirbhís Ealaíon i gcomhar le hAmharclann an Ghrianain (a bhuí dá Clár Cónaitheach d'Ealaíontóir Amharclainne) agus le Ealaín Forbraíochta Pobail an Bhaloir, chun breis taispeántais a chur ar stáitse de dhá shaothar a ndearnadh coimisiniú orthu in 2015 – I Would Walk These Fields Again agusThe Lad From Laghey, mar chuid d'Fhéile Bhealtaine. Bhí taispeántais ar siúl ar An Clochán Liath,  An Machaire, Bun Cranncha, Cill Chartha agus i gCarn Domhnach.

Sa dara leath den bhliain, thug an tSeirbhís Ealaíon tacaíocht do dhá clár scríbhneoireachta dramaí, ceann amháin faoi threoir an drámadóra Tara McKevitt, as Inis Eoghain, agus an ceann eile leis an stíurthóir ealaíonta Chomhlacht Amharclainne Bread and Roses, Kathleen McCreery. Tharla an dá cheann acu i bpáirtíocht leis An Grianán. Threoraigh clár Tara McKevitt – Radio Shortwaves – le 9 scríobhneoir, í i dtreo 9 dráma gairide raidió a chruthúagus threoraigh Kathleen McCreery a cuid scríbhneoirí chun 10 saothar gairide a chruthú ar meabhairshláinte. Sa dá chás, glacfadh go han-mhaith leis na saothair ag tráthnóntaí speisialta sárthaispeántais in Amharclann an An Ghrianáin.

Bhí lúcháir mhór ar an tSeirbhís Ealaíon tacaíocht a thabhairt do Charnabhal Inis Eoghain i gcruthú a saothar úrnua suiteála agus cur i láthair, Elemental: Ghost Dance, a taispeánadh den chéad uair i bPáirc Baile Leitir Ceanainn mar bhuaicphointe den Oíche Chultúrtha. I gcuideachta Carnabhal Inis Eoghain ar an oíche, bhí comhlachtaí rince ZoNa, Aislingí agus Dynamic Waves.

## EDGES Dún na nGall, Iarthar na hÍoslainne agus Vesteralen (An Iorua)

D'óstáil Comhairle Chultúrtha Vesteralen turas leis Na Henry Girls i mí Mhárta 2015 agus i mí Mheithimh bhí turas fillte an-rathúil go Dún na nGall ag seisear ceoltóir agus seachtar Stiúrthóir Cultúrtha, a ndearna na Seirbhísí Cultúrtha óstáil air. Sheinn na ceoltírí Ioruacha i gcuideachta na Henry Girls san Ionad Cultúrtha Réigiúnach, i scoil náisiúnta Ghleann Gad agus in Eaglais na hÉireann Naimh Buadhán, Cúil Dabhcha, agus ag an am céanna thug na Stiúrthóirí Cultúrtha cuairteanna ar Teach Solais Fhánada, ar An Gailearaí, ar Fhéile Rince Aerach in Ionad Fóillíochta Aura, Ardán Idirchultúrtha Dhún na nGall sa Lár-Leabharlann, ar Artlink ag Dún Fhraoigh agus ar chomhlacht amharclainne tírdhreacha LUXe i mBun na hAbhann.

Mar thoradh ar an chuairt seo, thaistil stiúrtóirí LUXe go dtí an Iorua i mí Mheán Fómhairchun tionscadail beartaithe do 2017-18 a phlé. Ina dhiaidh sin, bhí an togra ina mholadh rathúil chuig Cultúr Éireann le tacaíocht ón tSeirbhís Chultúrtha.

Mar a gcéanna, i ndiaidh do Artlink moladh rathúil a dhéanamh chuig an Scéim um Tionscadail na hAmharc-Ealaíona 2016, atá ag an Chomhairle Ealaíon agus ina raibh an tSeirbhís Ealaíon ina páirtnéir, cuirfear clár de cheithre ealaíontóir cónaithe ar siúl sa bhliain 2017.

## 28ú Féile Ealaíon an Earagail

Bhí an 28ú Féile Ealaíon an Earagail ar siúl ó Iúil 8-24. Lean an clár ar aghaidh ag beochan Slí an Atlantaigh Fhiáin, ag déanamh forbairt breise ar an mholsamhail ar glacadh leis le blianta beaga anuas, ie. ag díriú ar bhuaicphointí na gclár i dtrí réigiún d'Iarthar Dhún na nGall, Leitir Ceanainn/ Bealach Féichagus Inis Eoghain ar dheireadh seachtaine malartach, maraon le cláreagrú leanúnach i Leitir Ceanainn i rith thréimse na Féile.

Lean an Fhéile ag déanamh dul chun cinn ar a thosaíocht straitéiseach, sé sin ag méadú rannpháirtíocht an phobail leis na healaíona, an uair seo a bhuí don tionscadal amharclainne pobail, Unified: The Musical. D'inis an ceoldráma seo, a scríobh Guy Le Jeune le hamhráin a chum Fionn Robinson, scéal an mhonarcha Unifi a rinne snáth uigeach i Leitir Ceanainn agus na daoine a bhí ag obair ansin ar feadh corradh agus tríocha bliain. D'éirigh go hiontach maith leis an ceoldráma seo sna trí hoíche a raibh sé ar siúl in Amharclann an Ghrianáin.




*John Wilkie, Mark Mills agus Ciaran Clarke i radharc as 'Unified – The Musical,' i nAmharclann an Ghrainàin, buaicphointe móreilimh d'Féile Ealaíona an Earagail i mí Iúil*
Grianghraf: Eugene McGinty








*Ceoltóirí agus cumadóirí (thuas), Tommy McLaughlin (ar dheis, ó thuas), Hannah Peel, Erland Cooper agus Michael Keeney a bhí coimisiúnta ag Féile Ealaíona an Earagail le sraith amhráin agus ceoil a chumadh 'In the Shadows of Steam', a bhí spreagtha ag na seanghréasáin iarnróid i nDún na nGall agus i dTuaisceart Éireann*
Grianghraf: Féile Ealaíne an Earagail







## Deireadh Seachtaine Idirnáisiúnta um Dhaoine agus Fréamhacha Dhún na nGall

Bhí sraith taispeántas d'ardcháilíocht den Deireadh Seachtaine um Dhaoine agus Fréamhacha Dhún na nGall san Ionad Cultúrtha Réigiúnach agus in Amharclann an Ghrianáin le Lynched, Andy Irvine, Chris Wood agus Sam Lee chomh maith le ceolseó ómóis, a thuill ardmheas, do Brian Friel nach maireann Ar ais go Baile Beag, a chum Mánus Lunny agus a chur na saothair i láthair i gcuideachta mórán aíonna ceoltóirí ó Éirinn agus ó Albain.

## Wild Atlantic Arts on Malin Green


D'éirigh go hiontach leis an ceiliúradh dhá lá ar ealaín sráide agus sorcas Éireannach a bhí ar siúl i bhFaiche an Bhaile i Málainn - leis na Deartháireacha Fanzini, Carnabhal Inis Eoghain, na Lords of Strut agus na Henry Girls. Díreach mar a d'éirigh le clár an cheoil, na hamhránaíochta agus na n-imeachtaí litearatha - as Gaeilge agus Gàidhlig na hAlban - ar Oileán Árainn Mhór, i gcuideachta an Swell Festival.

## Clár na gCoimisiún

Lean clár na gcoimisiún ar aghaidh ag éascú an cruthú ar shaothar ealaíon úrnua ó ealaíontóirí as Dún na nGall agus ealaíontóirí idirnáisiúnta a bhí ar cuairt, ag comhoibriú. Ba iad na ceoltóirí, na cumadóirí agus na léiritheoirí Tommy McLaughlin, Michael Keeney, Hanna Peel agus Erland Cooper a chruthaigh In the Shadows of Steam. Rinne sé taiscéaladh ar na línte caillte d'iarnróid Dhún na nGall agus Tuaisceart Éireanna bhuí de cheol, amhránaíocht agus scánnáin cartlainne. Taispeánadh é den chéad uair i gCúil Dabhcha agus ina dhiaidh sin ag an Fhéile cáiliúil Celtic Connections i nGlaschú.

## Turasóireacht Chultúrtha

Bhí an Fhéile an-sásta oibriú go dlúth le Fáilte Éireann, ag beochanú Slí an Atlantaigh Fhiáin Dhún na nGall le clár spreagúil dátheangach d'amharclannaíocht, de cheol, de na hamharc-ealaíona, de mhíreanna mórthaibhseacha amuigh faoin aeir, d'imeachtaí liteartha agus d'imeachtaí do pháistí a gabhabh agus a chur siamsaíocht ar fáil do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí araon. San iomlán, tarla179 taispeántas in 30 ionad i 16 baile, sráidbhailte agus oileáin ar feadh 17 lá agus oíche. D'fhreastail 39,900 duine ar an fhéile.





## Comhpháirtíochtaí

Leanann Féile Ealaíon an Earagail ar aghaidh ag ardú próifíl Dhún na nGall agus ealaíontóirí Éireannacha atá lonnaithe go náisiúnta mar phróiseas leanúnach, agus leantar ar aghaidh ag oibriú le réimse páirtnéirí áitiúla, macasamhail an tIonad Cultútha Réigiúnach, Ealaín na Gaeltachta, Músaem Chontae Dhún na nGall, Amharclann an Ghrianáin, Seirbhís Ealaíon Chomairle Contae Dhún na nGall, Oifig Fiontair Áitiúil Dhún na nGall, Ionad Ealaíon Bhaloir Bhealach Féich, An Gailearaí Doirí Beaga, An tSean Bheairic, An Fál Carrach, Comharchumann Oileán Árainn Mhór, Féile an Swell, Forbairt Phobal Maláinne, McGrory's as Cúil Dabhcha, an OPW i dTeach Gléibe & An Gailearaí, Mín an Lábain, Páirc Náisiúnta Mín an Lábháin, Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha agus Tionscnamh Lugh, Gaoth Dobhair.

## Amhairchlann an Ghrianáin

Bhí an bhliain 2016 iontach torthúil agus rathúil do Amharclann an Ghrianáin, áit ar cruthaíodh roinnt taispeántas i gcomhar le heagraíochta eile ar a n-áirítear Seirbhís Ealaíon Dhún na nGall, Féile Ealaíon an Earagail, an Gréasán Réigiúnach Amharclainne Fánaí agus an Clár Cuimhneacháin ar Éirinn 2016. Bliain an-dhearfach a bhí ann do lucht féachana/éisteachta le fás 2.5% ar fhreastal foriomlán de 62% in agaidh na bliana.

## Tradfest

Cuireadh tús leis an bhliain le Tradfest, a reáchtáladh i gcomhar leis an Ionad Cultúrtha Réigiúnach. Ba é an buaicphointe ná an taispeántas le Séamus McGuire agus a dhá bhanna, Buttons and Bows agus an West Ocean String Quartet ar díoladh iomlán suíocháin dó.

## Clár Cuimniúcháin 1916

Is é Amharclann an Ghrianáin a raibh an ról a ba tábhachtaí aici i gclár Dhún na nGall. Le maoiniú breise ó Ireland 2016, choimeád an t-amharclann sraith imeachtaí ar a n-áirítear coimisiniú agus cur i láthair ar dhráma nua ón scríobhneoir agus staraí áitiúil, Kieran Kelly, maraon le taispeántas cuairte,The Rising, ina raibh dhá thaibheoir ilchumasach as Dún na nGall, an t-aisteoir John Ruddy agus an rinceoir Brian Gillespie. Buaicphointe eile ab ea Left Behind, sraith amhráin galánta ó Michelle O'Rourke, a rinne taiscéaladh ar scéalta na mBan 1916.



*John D. Ruddy agus Ciaran Clarke i radharc as 'Unified – The Musical', i nAmharclann an Ghraináin, buaicphointe móreilimh d'Féile Ealaíona an Earagail i mí Iúil*
Grianghraf: Eugene McGinty



## Unified – An Ceoldráma

Do Fhéile Ealaíon an Earagai, chuir Amharclann an Ghrianáin i láthair ceoldráma pobail úrnua bunaithe ar scéal an mhonarchan Unifi a rinne snáth uigeach i Leitir Ceanainn. Ba é Guy Le Jeune, ealaíontóir cónaitheach amharclainne, a scríobh an dráma bunaithe ar stair phearsanta mórán de na daoine a bhí ag obair ansin am amháin, ar a n-áirítear an bhainistíocht, oibrithe ar urlár an mhonarchan agus an foireann thaistil. Bhí Unified: An Ceoldráma feabhsaithe le buncheol le Fionn Robinson agus ba é David Grant an siúirthóir. Bhí an cliar de 25 ón phobal áitiúil agus bhí aisteoirí ann ó 16 go 70 bliain. Taispeánadh an ceoldráma do lán tí lucht féachana thar trí oíche.

## Bailegangáire do Ghréasán Amharclainne an Nomad


Do shéasúr an Fhómhair, chuir Amharclann an Ghrianáin i láthair dráma dúshlánach Tom Murphy, Bailegangáire, i gcuideachta Gréasán Amharclainne an Nomad. Leis na haisteoirí Joan Sheehy, Clare Monelly agus Maeve Fitzgerald, thug an dráma camchuairt ar Éirinn ar feadh roinnt seachtainí. Rinneadh é a ainmniú do dhá dhámhachtain i nDuaiseanna Amharclainn an Irish Times, sna catagóirí An tAisteoir Tacáiochta ab Fhearr do Clare Monelly agus Duais Speisialta na mBreithimh ar son Cion Tairbhe do Amharclanna na hÉireann.

## Peter Pan ag an Nollaig

Chuir an amharclann leagan de Peter Pan, baúil do scoileanna, i láthair ag an Nollaig in Amharclann Óige an Ghrianáin maraon le cinn eile a roghnaíodh ó phróiseas de thriail aisteoireachta oscailte.Bhí deich ndráma ann chomh maith le dhá 'dhráma gan strus', ceann amháin do ghrúpaí scoile agus ceann eile don phobal. Mhol múinteoirí agus tuismitheoirí an tionscnamh seo de bhrí gur lig sé do dhaoine le míchumais céadfach nó íogaireachtaí sult a bhaint as an dráma nuair a thiocfadh leo bogadh thart, nuair a laghdaíodh an leibhéal fuaime agus méadaíodh leibhéal an t-soilsithe.

## Imeachtaí Eile

Chomh maith leis na tionscnaimh inmheánacha seo, bhí clár lán taispeántas san amharclann sna foirmeacha ealaíona ó dhrámaí go geandrámaí, rince go ceoldrámaíocht agus éagsúlacht de thaibheoirí ceoil cuairte. Bhí roinnt clár ceardlainne san amharclann fosta, ar a n-áirítear Amharclann Óige an Ghrianáin, máistir-ranganna ó Amharclann an Worklab, Scoil Samhraidh Bailé na hEireann, Scoil Samhraidh Amharclann Ceoil PBM agus sraith Ceardlanna Scríbhneoireachta Scripte Raidió le Tara McKevitt.





*Lynched agus Stick in the Wheel, Deireadh Seachtaine Dhún na nGall do Dhaoine agus Fréamhacha Idirnáisiúnta*
Grianghraf: John Soffe



# Ionad Cultúrtha Réigiúnach

Is é foirgneamh Ionad Cultúrtha Réigiúnach (ICR) Leitir Ceanainn, ar bronnadh gradaim air, ceann de na háiseanna ealaíon is bréatha in Éirinn. Is é Ailtirí MacGabhann a dhearaigh é.

Ó osclaíodh é sa bhliain 2007, bhí clár iomlán d'imeachtaí ealaíon d'ardcháilíochtaí ann, cuid mhór acu sin a heagraíodh i gcomhar le comhlachtaí cultúrtha, pobail agus reachtúla sa réigiún agus níos faide ar shiúl. Oibríonn an ICR go dlúth leis na páirteanna eile de Rannóg Sheirbhísí Cultúrtha Chomhairle Contae Dhún na nGall.

Is mar gheall ar mhaoiniú bliaintúil ón Chomairle Ealaíon, ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus ó mhaoiniú togra ó fhoinsí éagsúla atá an clár indéanta.

## Na hAmharc-Ealaíona

Lean an tIonad Réigiúnach Cultúrtha ag coimisiúniú agus ag cur ar fáil taispeántais ollmhóra Éireannacha agus idirnáisiúnta sa bhliain 2016. Ba é Loose Ends an buaicphointe, coimisiniún cuimhniúcháin 1916 leis an ealaíontóir Willie Doherty ó Dhún na nGall/Doire, a bhfuil cáil domhanda air, agus rinneadh scannánaíocht air in áiteacha a bhfuil baint acu leis an Éirí Amach, ar Oileán Ghabhla i nDún na nGall agus ar Shráid Moore i mBaile Átha Cliath. Rinne sé suiteáil dhá scáileáin físe (le guthú ó Seán McGinley) agus ocht ghrianghraf gaolmhar dá thaispeántas san ICR, a bhí ann ag an am céanna le Féile Ealaíon an Earagail. Rinne Comhairle Chontae Dhún na nGall/Ionad Cultúrtha Réigiúnach i gcomhar leis an Nerve Centre, Doire, Gailearaí Kerlin, Baile Átha Cliath, agus Matt's Gallery, Londain, coimisiniú ar Loose Ends. Bhí sé ar cheann de naoi Choimisiún um Gairmeacha Oscailte de chuid an Chomhairle Ealaíon ART:2016 mar pháirt dá gclárcuimneacháin Éire 2016. I gcuideachta an taispeántais bhí Drop-In, Hands-On, Art Room leitheadach ann do pháistí agus do theaghlaigh.




*Póstaer 'Peirspictíochtaí Fiartha'*
Dearthóir: Neilis Sheridan

Bhí taispeántas ó ghrúpa Éireannach/Meiriceánach, darbh ainm Hybrid, a bhí curtha le chéileag an ealaíontóir ó Leiri Ceanainn atá lonnaithe i Meiriceá, Rian Kerrane ó Choláiste Ollscoile Denver, ann ag tús na bliana. Sa taispeántas seo bhí seachtar ealaíontóir as Éirinn agus seachtar ealaíontóir ó na Stáit Aontaithea thaistil go Dún na nGall agus a rinne saothar úrnua don taispeántas. Chomh maith leis sin, bhí diminsean Éireannach/ Meiriceánach don taispeántas ollmhór siarghabhálach leis an ealaíontóir agus grianghrafadóir Richard Noble a tháinig ar an tsaol i Nua-Eabhrac ach atá lonnaithe i nDún na nGall anois, taispeántas ina raibh saothar óna chéimeanna difriúla dá shlí bheatha le corradh agus caoga bliain.

Cuireadh ar siúl taispeántas ollmhór darbh ainm Lived Lives, ina raibh rudaí a bhí ag daoine óga a fuair bás de bharr féinmharú, agus saothar ealaíon leis an ealaíontóir teicstíleach as Dún na nGall, Séamus McGuinness, i láthair i nDún Fhraoigh, Inis Eoghain, i mí Dheireadh Fómhair. Eagraíodh é i bpáirtíocht le FSS mar pháirt de Connecting for Life Dhún na nGall, Plean chun Féinmharú a Chosc.



*Willie Doherty, Taispeántas 'Loose Ends'*
Grianghraf: Declan Doherty



## Ceol

Lean an tIonad Cultúrtha Réigiúnach (ICR), ceann de na hionaid bheaga ceoil is breátha sa tír, ar aghaidh lena chlár forbraíochta ceoil i gcomhar le Comhpháirtíocht Dhún na nGall d'Oideachas Ceoil agus le Féile Ealaíon an Earagail sa bhliain 2016. Cuireadh ar fáil clár bliana den chéad rogha de bheagnach 30 coirm ceoil náisiúnta agus idirnáisiúnta ar a n-áirítear ceol clasaiceach, ceol tíre, snagcheol, ceol domhanda agus ceol indie. Bhí 2016 suntasach mar gheall ar roinnt féilte bliantúla ar éirigh go maith leo, ag toiseacht le Seachtain Trad Leitir Ceanainn i mí Eanáir. Ba é an buaicphointe ná An Evening with Séamus McGuire in Amharclann an Ghrianáin, ceiliúradh ar cheol fidle an cheoltóra mór le rá as Leitir Ceanainn le Buttons & Bows, West Ocean String Quartet agus Coirm. I measc na gcoirmeacha eile bhí an t-amhránaí/scríbhneoir amhránaíochta as Albain, James Yorkston, Withered Hand agus an Pictish Trail agus turas Líonra Ceoil le Liam Ó Maonlaí, Kevin Burke agus Tim Edey.

Bhí BC Camplight agus na Hookworms ar bharr an liosta ag an tríú Distorted Perspectives bliantúil ag an Deireadh Seachtaine de Lá Saoire na Bealtaine. Bhí Jeffrey Lewis ann, ar chuir an New York Times síos air mar indie-rock Woody Allen, agus bhí oíche cheoil beo agus scannaíochta ann fosta.

*Liam Ó Maonlaoí, Tim Edey agus Kevin Burke, a d'éirigh go hiontach mhaith lena gceolcoirm fá scáth Music Network, ag an tIonad Cultúrtha Réigiúnach*
Grianghraf: Music Network)



*Oscailt Oifigiúil ar Thaispeántas Richard Noble san Ionad Cultúrtha Réigiúnach*
Grianghraf: Brian McDaid

I mí Iúil, bhí an dara Deireadh Seachtaine Idirnáisiúnta do Dhaoine agus Freámhacha ar siúl i gcomhar le Féile Ealaíon an Earagail. I measc na buaicphointí bhí an chéad choirmceoil ariamh in Éirinn ag Chouk Bwa Libète, ceann de na bannaí Voodoo is cáiliúla in Háití, sraith coirmeacha agus cainteanna ar Amhráin Pobail Éireannacha &Sasanacha mar chuid de chlár cuimhniúcháin Éire 2016 agus an chéad taibhiú de Home to Ballybeg, clár ómóis do Brian Friel ó Mhánus Lunny. Bhí taispeántas dúbáilte de Cheol Tíre Éireannach & Sasanach ann ó Lynched as Baile Átha Cliath agus Stick In The Wheel as Londain agus na hamhránaithe agus cumadóirí amhráin cáiliúla Andy Irvine as Éirinn agus Chris Wood ó Shasana. Chomh maith leo sin, bhí Richard Dawson, an t-amhránaí agus giotáraí turgnamhach agus folk-ceoltóir as Newcastle ann agus *Other Voices* le Sam Lee, cur i láthair closamhairc ar amhránaíthe ó Lucht Siúil na hEireann.

Tá an Comhpháirtíocht Dhún na nGall d'Oideachas Ceoil (DMEP) atá faoi scáth an Bhord Oideachais & Oiliúna, lonnaithe san ICR agus oibríonn an dá eagras go dlúth le chéile, ar a n-áirítear comh-chur chun cinn ar choirmeacha ceoil san ICR agus éascú ar cheardlanna le tionlacan a thabhairt do sraith coirmeacha an Ghréasáin Ceoil. Déanann an DMEP céatadán suntasach de ghníomhaíochtaí an ICR, ranganna seachtaine rialta agus cleachtadh do thionóil éagsúla san áireamh.

## Film

Lean ICR ar aghaidh ag forbairt achlár do thaispeántas scannáin, ar a n-áirítear clár úrnua de cineama agus clár faisnéise domhanda a léiríodh i gcomhar le Access Cinema, féilte a chur ar scáileán mar chuid de Fhéile na Bealtaine agus Distorted Perspectives, scánnaín pobail déanta go háitiúil agus scánnaín shéasúracha do theaghlaigh.




## Oideachas agus Ealaíona Pobail

Rinne an ICR comhordú an Fhéile na Bealtaine do dhaoine níos sine, ina raibh corradh le 100 imeacht ar fud an chontae, i gcomhar le Seirbhísí Cultúrtha Chomhairle Contae Dhún na nGall, Age & Opportunity agus eagraíochtaí do dhaoine níos sine.Bhí an tIonad fosta ina áit do cheardlanna agus imeachtaí rialta leanúnach a bhí ag eagraíochtaí cultúrtha, oideachais, forbartha pobail agus eagrais sláinte i rith na bliana. D'eagraigh an ICR imeachtaí do scoileanna, do pháistí agus do theaghlaigh san Ionad agus ar fud an chontae le réimse páirtnéirí. Ba é buaicphointe an ICR do Wainfest 2016 do pháistí i mí Dheireadh Fómhair ná *Pinocchio*, ó Chomhlacht Amharclainne Lyngo, a cuireadh i láthair i gcomhar leis na Seirbhísí Cultúrtha.





*Seomra Ealaíona Drop-In, Hands-On*
Grianghraf: Declan Doherty




*Oscailt an taispeántais 'Contae Dhún na nGall sa bhliain 1916: Ár Scéal' i Músaem Chontae Dhún na nGall, Márta 2016*
*(C-D, An Clr Gerry McMonagle, Méara ar Leitir Ceanainn, an Clr Ciaran Brogan, Cathaoirleach, Comhairle Chontae Dhún na nGall*
*Os comhair, leathanach 34, Maura Logue, Dark Daughter Productions*
Grianghraf: Músaem Chontae Dhún na nGall

# Músaem Chontae Dhún na nGall

Coimeádann agus ceiliúrann Chomairle Chontae Dhún na nGall tríd an tSeirbhís  Músaeim cuimhne chnuasaitheach an chontae agus a phobail a bhuíochas do chaomhnú, ag taispeáint agus ag míniú lámhdheántusáin a bhfuil baint acu le stair Dhún na nGall.  Comhoibríonn an Musaem le dream leitheadach daoine, grúpaí agus eagrais ar mhaithe le rochtain agus rannpháirtíocht a fheabhsúsan oidhreacht agus cur chun cinn agus caomhnú a dhéanamh ar ár n-oidhreacht chultúrtha.



## Éire 2016

I rith na bliana d'eagraigh an Músaem clár imeachtaí mar chuid de Chlár Cuimhniúchán 2016 Chontae Dhún na nGall.

## Taispeántais

I gcomhar le Seirbhís Chartlainne an Chontae, d'eagraigh an Músaem taispeántas ollmhór dar teideal County Donegal in 1916: Our Story. Rinne an taispeántas taiscéaladh ar imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta na bliana 2016 ó pheirspictíocht Dhún na nGall, ag ofráil do chuairteoirí léargas ar shaol laethúil sa Chontae sa bhliain mhaighdeogach seo. Fuair an taispeántas páirt-mhaoiniú ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Maraon leis sin, d'foilsigh an Músaem Leabhrán Gníomhaíochta a chuidigh le páistí a bheith rannpháirteach sa taispeántas.

Fosta, chruthaigh an Músaem taispeántas camchuairte darbh ainm Ár Scéal: Dún na nGall agus Éirí Amach na Cásca, i nGaeilge agus i mBéarla araon. Déanann an taispeántas taiscéaladh ar scéalta dhaoine as Dún na nGall a bhí páirteach in Éirí Amach na Cásca agus taispeánadh iad i gcorradh le 20 ionad ar fud Dhún na nGall.

Mar pháirt d'Fhéile Ealaíon an Earagail, d'óstáil an Músaem an taispeántas Little Stories, Little Prints i gcomhar le Stiúideo Priontaíochta Chúige Laighean. Taispeánadh saothair ealaíon a raibh baint acu le himeachtaí ag am Éirí Amach na Cásca a bhfuil beagán eolais fúthu.



*Músaem – ceardlanna drámaíochta idirgníomhach 1916*
Grianghraf: Músaem Chontae Dhún na nGall

## Ceardlainn Drámaíochta Idirghníomhach

I mí na Bealtaine i gcomhar le Léirithe Dark Daughter, bhí sraith ceardlanna scoile sa Mhúsaem agus bhí na daltaí rannpháirteach in eispéireas staire idirghníomhach leis an aisteoir Maura Logue. Fuair na daltaí eolas ar Dhún na nGall 1916 agus rinne siad taiscéaladh ar théamaí macasamhail saol an teaghlaigh, laetha scoile agus araontaí fostaithe.

D'eagraigh an Múísaem agus Seirbhís na Leabharlainne ceithre cheardlann drámaíochta idirghníomhach ar an téama de Dhún na nGall 100 bliain ó shin, a cuireadh ar fáil i leabharlanna ar fud Dhún na nGall i rith Seachtain Náisiúnta Fóillíochta. Bhí siad maoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

## Clár Léachtaí

D'óstáil an Músaem clár léachtaí ina raibh Coláiste Uladh and the Cultural Revolution, leis an Dr. Seosamh O'Ceallaigh; Mobilising the Masses in early Twentieth Century Donegal  leis an Dr. Arlene Crampsie; County Donegal in 1916, le Caroline Carr, Musaem Chontae Dhún na nGall agus Cumann na mBan in Donegal le Helen Meehan.




*Seoladh an taispeántas camchuairte 'Ár Scéal: Dún na nGall agus Éirí Amach na Cásca' (C-D), An Clr James Pat McDaid, Judith McCarthy, an Clr Gerry McMonagle, Cathaoirleach, Comhairle Chontae Dhún na nGall, an Clr Marie Therese Ní Ghallachóir, Cathaoirleach ar Choiste Dhún na nGall, Éire 2016, Caroline Carr*
Grianghraf: Músaem Chontae Dhún na nGall

## An Chéad Chogadh Domhanda

I rith 2016, d'eagraigh an Músaem clár imeachtaí chun cuimhne a coinneáil ar chomóradh céad bliain Chath an Somme.

I gcuideachta na Músaeim Impiriúla Cogaidh, sraith taispeántais saor in aisce den scannán ar 1916 The Battle of The Somme mar pháirt de Chomhpháirtíocht Chomórtha an Chéad Cogadh Domhanda. Bhí na taispeántais seo ar siúl i Cineama an Century i Leitir Ceanainn, Músaem Míleata Dhún Fhraoigh, Ionad Seirbhísí Pobail an Chlóchain Léith, in Amharclann Bhalóir, Bealach Féich agus i Músaem Chontae Dhún na nGall.

Bhí clár léachtaí sa Mhúsaem ar a n-áirítear Donegal Men and the Royal Inniskilling Fusiliers le Natasha Martin, Donegal Freemasons in World War I le Robert Bashford, The Geography of War le Patrick H. Lynch agus The Battle of the Somme le David Scott. Fosta, thug foireann an Mhúsaeim cainteanna ar théama Chontae Dhún na nGall agus an Chéad Chogadh Domhanda do ghrúpaí éagsúla agus d'óstáil sé seoladh leabhair darbh ainm WAR! HELLISH WAR! Star Shell Reflections 1916-1918 le linn Seachtain na hOidhreachta.

D'eagraigh an Músaem ócáid speisialta ar chomóradh céad bliain de Chath an Somme san Ionad Cultúrtha Réigiúnach, Leitir Ceanainn. Rinne an Col. Declan O'Carroll athléiriú ar an chéad lá den Chathó pheirspictíocht an 36ú Rannán Ulaidh ag úsáid múnla d'éadach urláir.



*Samhail urláir d'athachtú an chéad lá de Chath an Somme leis an Coirnéal Declan O'Carroll san Ionad Cultúrtha Réigiúnach, Leitir Ceanainn*
Grianghraf: Músaem Chontae Dhún na nGall

## Clár Imeachtaí

Chlúdaigh clár imeachtaí an Mhúsaeim réimse leitheadach gníomhaíochtaí chomh maith le himeachtaí le linn Féile na Bealtaine, Seachtain na hOidhreachta agus Wainfest.

Ina measc seo bhí cainteanna ar Stair Otharlann Naomh Conaill agus ar Thírdhreach agus Fiadhúlra na gCnoc Ghorm, seoladh leabhar, taispeántas ar Ultais Oirthear Dhún na nGall, sraith seisiún athchuimhne in ionaid lae agus in ospidéil pobail, seisiúin ceoil traidisiúnta le Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Craobh Leitir Ceanainn agus ar Lá Náisiúnta Phíb Uilleann, ceardlanna grianghrafadóireachta leis an Gailearaí Grianghraif agus caint do scoileanna ar shaol san Antartach le Dan McFadden.



*Bosca Seandálaíochta Mhúsaem Chontae Dún na nGall á chur i ngníomh*
Grianghraf: Músaem Chontae Dhún na nGall

## Teagmháil leis na Pobail

Lean Músaem Chontae Dhún na nGall ar aghaidh ag tabhairt amach ar cíos a thaispeántais taistil d'eagrais agus d'ionaid ar fud Dhún na nGall. Sa bhliain 2016, bhí siad ar taispeántas ag Dámhachtainí Dhún na nGall na mBuaiteoirí Spóirt, Leitir Ceanainn, Ionad Acmhainní Mhainéar Uí Chuinneagain, Ionad Sliabh Sneachta, Bun Cranncha, Ionad Oidhreachta Monadh Riabhach, Dámhachtainí Diaspóra Tip O'Neill i mBun Cranncha agus Campa Finner, Beál Atha Seanaidh.

I rith na bliana, d'oibrigh an Músaem go dlúth le hIonad Oideachais Dhún na nGall chun Bosca Seandálaíochta an Mhúsaeim a thabhairt go dtí na bunscoileanna i nDún na nGall. Thug foireann an Mhúsaeim cuairt ar níos mó ná 670 dálta ar fud an Chontae.




*Comhaltas Ceoltoirí Éireann, Oíche Chultúrtha*
Grianghraf: Músaem Chontae Dhún na nGall



*Teach an tSolais ag Pointe Charraig an Rois i ndeisceart Dhún na nGall. Rinne an Oifig Oidhreachta coimisiúnú ar staidéar d'oidhreacht thógtha mara mar chuid de Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall*
Grianghraf: Joseph Gallagher




# Seirbhís Cartlainne

Tá sé mar aidhm ag an tSeirbhís Cartlainne caomhnú a dhéanamh ar oidhreacht atá tuairiscithe agus doiciméadaithe ar mhuintir Chontae Dhún na nGall agus é a dhéanamh inrochtana don ghlúin atá ann anois agus do na glúnta sa todhchaí.

Féachann sé é seo a dhéanamh trí fháil, clárú, caomhnú agus stóráil slán ar bhailiúcháin cartlainne ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha a bhaineann le stair agus cultúr Dhún na nGall agus trí chur ar fáil rochtain poiblí chuig a chartlanna.

Oibronn an tSeirbhís Cartlainne i gcomhpháirtíocht le mórán grúpaí agus eagrais. A bhuíochas dá chlár for-rochtana agus oideachais tá sé mar aidhm ag an tSeirbhís a chartlann a thabhairt don phobal níos leitheadaí.



## Clár Céad Bliain1916

Chomhoibrigh an tSeirbhís Cartlainne le hIonad Oideachais Dhún na nGall agus le Seirbhísí Cultúrtha eile i scaipeadh an phacáiste acmhainní (a cuireadh le chéile ag deireadh 2015) *County Donegal in 1916: From the Edge:* History and Heritage Education Pack chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, chuig comhdháil, chuig grúpaí agus ionaid staire agus oidhreachta, agus do dhaoine a raibh suim acu ann. Rinneadh an pacáiste a aistriú go Gaeilge agus scaipeadh é ar scoileanna Gaeilge sa chontae. I gcomhar leis an Mhúsaem, thug an tSeirbhís Cartlainne cainteanna le léaráidí ar 1916 i gContae Dhún na nGall sa Mhúsaem agus d'ionaid oidhreachta agus do bhunscoileanna. Chabhraigh an tSeirbhís Cartlainne le Músaem an Chontae ina Thaispeántas Céad Bliain ollmhór *County Donegal in 1916.*

Már chuid de chlár Céad Bliain 1916, fuair an tSeirbhís Cartlainne deontas €1500 faoi choinne digitiú a dhéanamh ar mhiontuairiscí na gcruinnithe a bhí ag iomlán na n-údarás áitiúil i gContae Dhún na nGall. Sa chartlann seo – miontuairiscí na gcruinnithe a bhí ag deich Chomhairle Dúiche Tuaithe, trí Chomhairle Dúiche Baile, ocht mBord Bardachta, Coimisinéirí Baile Bhéal Átha Seanaidh agus Comhairle Chontae Dhún na nGall – tá eolas stairiúil fíorluachmhar sóisialta, eacnamaíoch agus polaitiúil. Rinneadh iad a dhigitiú i rith na bliana agus thosaigh an próiseas le hiad a uaslódáil ar mhír na Cartlainne i suíomh gréasáin an Chomhairle Contae.

Chuidigh an tSeirbhís Cartlainne leis an Mhúsaem chun an leabhrán J*ames Glass* a fhoilsiú.




*An Clr Ian McGarvey, an Comhairleoir is sine i nDún na nGall, le Pat Gillespie, a rugadh sa bhliain 1916, ag seoladh an Clár Cuimhniúcháin 1916:2016 i dTeach an Chontae, Leifear, i mí Eanáir 2016*
Grianghraf: Anne-Marie Conlon, Comhairle Chontae Dhún na nGall


## Imeachtaí For-rochtana

Ghlac an tSeirbhís Cartlainne, i gcomhar leis an Músaem, páirt i bhFéile na Bealtaine le hathchuimhniú in Ionaid Lae, Cluain Maine, Baile Suingean, An Fál Carrach agus Dún Fionnachaidh ina measc. Bhí athchuimhní níos moille sa bhliain sa Mhúsaem, sa Chlochán agus sna Cealla Beaga.

Tugadh an taispeántas taistil The Past in the Present go dtí Ionad Sliabh Sneachta, Bun Cranncha, do Sheachtain na hOidhreachta agus go Leifear do Sheachtain um Ionchuimsiú  Sóisialta.

## Sealbhú agus Caomhnú

Fuair an tSeirbhís Cartlainne roinnt bailiúchán cartlanna suntasach sa bhliain 2016, ar a n-áirítear bailiúchán mór páipéirí ar theaghlaigh Montgomery agus Boyton as Teach Conmhaigh, páipéirí ag baint le eastáit an Tiarna Liatroma, Miontuairiscí Cruinnithe Choiste Talmhaíochta Chontae Dhún na nGall, páipéirí ón 19ú céad le Coimisinéirí Bhaile Leitir Ceanainn, agus taifid ó thrí bhunscoil. Cuireadh tús leis an sortáil, an caomhnú, cur i mboscaí agus ag déanamh catalógú ar na bailiúcháin seo in 2016.



*Grianghraf de dhaltaí óga, c.1900 ón Ollamh Anne Crookshank (Teach Conmhaigh) Bailiúchán de chartlanna agus déantáin a bhaineann le Teach Conmhaigh, a bronnadh ar Chartlann an Chontae agus ar Mhúsaem an Chontae sa bhliain 2016*
Grianghraf: Cartlann Chontae Dhún na nGall



*Scoil Náisiúnta Eileastran le cóipeanna de 'County Donegal in 1916: From the Edge' ag ceardlann scoile le Músaem an Chontae agus le foireann Chartlann an Chontae, 2016*
Grianghraf: Músaem Chontae Dhún na nGall

## Comhairle agus Tacaíocht


Chuidigh taighdeoirí le litir, fón, ríomhphost, Facebook agus i seomra taighde an tSeirbhís Cartlainne bhí baill foirne agus baill den Chomhairle Contae, eagrais do sheirbhís phoiblí eile ar a n-áirítear scoileanna agus coláistí, an FSS, TUSLA agus na Cartlanna Náisiúnta, mic léinn staire agus cartlanna, acadóirí, ginealeolaithe proifisiúnta, seanchaithe áitiúla, grúpaí staire agus oidhreachta áitiúla, taighdeoirí neamhspleách, léiritheoirí teilifíse agus scánnán, staraithe teaghlaigh, scríbhneoirí agus iriseoirí.

## Bainistíocht Taifid

Mar chuid de chúram na Seirbhíse Cartlainne tá bainisitíocht ar taifid neamhreatha d'údaráis áitiúla Dhún na nGall. Chaomhnaigh agus chuir an tSeirbhís ar fáil rochtain ar thaifid neamhreatha agus ar chartlanna údaráis áitiúla Dhún na nGall atá coinnithe ag an tSeirbhís Cartlainne agus rinneadh moltaí maidir le caomhnú cartlanna agus fáil réitigh de thaifid neamhchartlanna na n-údarás áitiúil. Láimhseáladh fiosrúcháin ar ábhair a bhain le bainistiú taifid agus cuireadh na taifidisteach i dtaisclann na cartlainne. Rinne an cartlannaí suirbhé ar na taifid neamhreatha a bhí i Leifear agus aistríodh mórán acu sin a bhí i stór sheachtrach go dtí an Chartlann. Le linn an phróiseas seo fuarthas imleabhar faoi cheangal ó 1834 ina raibh Return of Fines levied by order of the magistrates at Petit (sic) Sessions, Ballyshannon, maraon le gníomhais dlí eile ón 19ú agus an 20ú céad agus cuireadh sa chartlann iad.

## Polasaíthe

Ghlac an Chomhairle le dhá pholasaí ag baint leis an tSeirbhís Cartlainne sa bhliain 2016: Polasaí d'Fháil Cartlanna agus Polasaí Caomhnaithe.


Report

Letterkenny Fire Brigade


To the Town Commissioners

Gentlemen

We the undersigned members of the Fire Brigade beg to submit to you for your information the following of the ... in charge of the caretaker which were examined and tested by us on the 15th January 1889

We also wish to bring to your notice that some steps should be taken at once to induce active and willing men to join the Brigade particularly those who have an interest in their property and the

*Tuarscáil an Bhriogáid Dóiteáin 1889, ó bhailiúchán Choimisinéirí Bhaile Leitir Ceanainn, a tugadh do Chartlann an Chontae sa bhliain 2016*
Grianghraf: Cartlann Chontae Dhún na nGall


Councillor Sayers moved the following Resolution copy of which was received from the Lifford R. D. Council :-

"That we beg to ask the County Council to forfeit 25 per cent of the tonnage as a war bonus to the road contractors who entered into contracts prior to 1916." Councillor McIntyre seconded. As an amendment Councillor Lerry moved and Councillor McGowan seconded that the resolution be worded so as to apply to all contracts. On a division there voted for the amendment Councillors MacNulty (S), MacNulty (O), Lerry, McGowan and McFadden (C) – 5, for the motion Councillors McGinley, Carr, Durning, Sayers, McFadden (P) and McIntyre – 6.

No vote – the Chairman, who declared the motion carried. Councillor Breslin was not present at the division.

A letter from the National Committee for relief in Belgium suggesting that the Council should form a local committee to co-operate in Christmas appeal to British Empire on behalf of children in Belgium was read

The resolution from the Dublin Corporation suggesting that the time has arrived for the Irish nation to unanimously demand the release of our fellow countrymen who have been interned in English prisons without trial and amnesty for those who have been sentenced to terms of imprisonment and pending their release we request the Government to consider the advisability of treating them as Political Prisoners was unanimously adopted on the motion of Councillor McFadden seconded by Councillor MacNulty (O).

*Sliocht as miontuairiscí Comhairle Dúiche Tuaithe Dhún Fionnachaidh den chruinniú a bhí ann ar an 10 Meitheamh 2016 agus a rinneadh a dhigitiú sa bhliain 2016*
Grianghraf: Cartlann Chontae Dhún na nGall



*An tuíodóir Hugh Gallagher ag cur bail ar pháirt de Theacháin Ceann Tuí Mamó Kate ar an Choimín, Gleann Gheis, in aice le hArd an Rátha, mar chuid den tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta i mí Lúnasa.  Bhí an teacháin seo ar cheann de na 18 tograí oidhreachta a fuair maoiniú ón Chomhairle Oidhreachta faoina Scéim Deontais do Bhainistíochta Oidhreachta*
Grianghraf: Joseph Gallagher





# Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall

Is é an ról atá ag Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall ná feasacht a ardú, comhairle a chur ar fáil, sonraí a bhailiú agus dea-chleachtas a chur chun cinn i ndáil lenár n-oidhreacht chulturtha, idir tógtha agus nádúrtha. Déantar maoirsiú ar chur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta an Chontae i gcomhair le Fóram Oidhreachta an Chontae.

Chomhcheangal an Oifig Oidhreachta arís le Rannógna Seirbnhísí Cultúrtha i mí Bhealtaine agus chomhoibrigh siad le comhleacaithe chun *Cultúr: Fís Straitéiseach do Sheirbhísí Cultúrtha 2016-2020* a seoladh i mí Mheithimh.



## Oideachas agus For-rochtain

Ba é Michael Starrett, Príomhfheidhmeannach an Chomhairle Oidhreacha, a lainseáil an Pacáiste Oideachais ar Stair agus Oidhreacht, darbh ainm *Contae Dhún na nGall in 1916,* comhoibriúidir an Cartlann, Músaem, Oidhreacht agus Seirbhísí Leabharlainne Chomhairle Contae Dhún na nGall i mí Eanáir mar chuid de Sheoladh *Cláir Dún na nGall 1916-2016.*

Chuidigh an tOifigeach Oidhreachta le Cumann Staire Dhún na nGall athdhearadh, eagrú agus foilsiú a dhéanamh ar a chomórtas scoile bliantúil. Ba téama an chomórtais ná *Virtually 1916* agus fuarthas níos mó ná 40 iarrachtaí.

Rinne an tOifigeach Oidhreachta agus an Ceann Gnó, an Chomhairle Oidhreachta, cur i láthair ar *Sheirbhísí Oidhreachta an Údaráis Áitiúla* ag imeacht oiliúna an Chumainn d'Údaráis Áitiúla na hÉireann do bhaill thofa i Leitir Ceanainn i mí na Bealtaine.


D'eagraigh Ionad Oideachais Dhún na nGall, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra, Iascaigh Intíre Éireann, Nádúr Iarthuaiscirt agus Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall Cúrsa CPD darbh ainm Learning Through The Landscape do Mhúinteoirí Bunscoile i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha i mí Iúil. Rinne an tOifig Oidhreachta urraíocht ar an éiceolaí, údar agus an craoltóir, Éanna Ní Lamhna, le lá oiliúna ar phortaigh mar ghnáthóga a thabhairt.




*Grianghraf den seoladh ar 'County Donegal in 1916: From the Edge', Pacáiste Oideachais ar Stair & Oidhreachta i dTeach an Chontae, Leifear, Contae Dhún na nGall. (Ó chlé go deas): Joseph Gallagher (Oifigeach Oidhreachta, DCC), John McDonough (Stiúrthóir, Cartlann Náisiúnta), Eileen Burgess (Leabharlannaí Contae/Comhordaitheoir Dhún na nGall ar Éire 2016, DCC), an Clr. Marie Therese Ní Ghallachóir (Cathaoirleach, Coiste Dhún na nGall ar Éire 2016), Judith McCarthy (Coimeádaí Músaem an Chontae, DCC), Niamh Brennan (Cartlannaí Contae, DCC) agus Michael Starrett (Príomhfheidhmeannach, An Chomhairle Oidhreachta)*
Grianghraf: Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall

## Diaspóra Dhún na nGall

Láinseáil Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, i gcomhar leis an Chomhairle Oidhreachta, leabhrán darbh ainm Material Culture of Donegal Communities Abroad mar pháirt de Chomhdháil Diaspóra Dhún na nGall i mí na Bealtaine. Leagann an leabhrán saor in aisce seo béim ar phatrúin imirce as Dún na nGall agus na rudaí a thug daoine as Dún na nGall leo nuair a d'imigh siad. Tá an leabhrán ar an dara ceann i Sraith Oidhreachta Dhún na nGall agus tá cuntais ann leis an Dr. Fidelma Mullane, an Dr. Jonathan Bell agus Mervyn Watson, an Dr. Caoimhín Mac Aoidh agus an Dr. Patrick Fitzgerald.




*Clúdach den leabhrán saor in aisce dar teideal 'Material Culture of Donegal Communities Abroad' a d'fhoilsigh Oifig Oidhreachta Contae Dhún na nGall agus a seoladh mar pháirt de Chomhdháil Diaspóra Dhún na nGall-Éirinn i mí na Bealtaine*
Grianghraf: Joseph Gallagher

## Plean Oidhreachta

Mar pháirt de chur i bhfeidhm Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus i gcomhar leis An Chomhairle Oidhreachta, rinne an Oifig Oidhreachta coimisiniú ar Phas II de staidéar ar oidhreacht thógtha muirí agus a léirmhiniú. Rinne an oifig chomh maith coimisiniú ar an ailtire, léachtóir agus craoltóir, Orla Murphy, chun treoir a ullmhú do chaomhnú aghaidheanna siopa agus ar chomharthaí dúchasacha, agus ar an Dr Tomas Mac Conmara, staraí béil, chun dhul i mbun iniúchadh de thaifeadadh agus bailiúcháinar stair béil ó Chontae Dhún na nGall. Tá aithne curtha ar bhreis agus 4,000 taifead in 57 bailiúchán.




*Taispeánann siopa éadaí John Barr, ar an Phríomhshráid, Bun Cranncha, mórán de na gnéithe ailtireachta clasaiceacha d'éadán siopa traidisiúnta*
Grianghraf: Joseph Gallagher

## Seachtain na hOidhreachta

Rinne an Chomhairle Oidhreachta & Oifigigh ó Údaráis Áitiúla comhordú ar a théama 100 Bliain d'Oidhreacht. Ba Contae Dhún na nGall an chontae ina raibh níos mó imeachtaí don tSeachtain Oidhreachta in aghaidh an daonra ná contae ar bith eile, le breis agus 115 imeacht eagraithe. Chuir an Oifig Oidhreachta le chéile leabhrán saor in aisce, Treoir Imeachtaí Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. I gcomhar leis an Oifig Cumarsáide, fuair an Oifig Oidhreachta am ar Raidió Highland agus ar Ocean FM fá choinne fógraí seirbhíse poiblí a chraoladh, maidir leis an tSeachtain Oidhreachta, oidhreacht fhál sceach agus rinneadh craoladh lasmuigh ar Raidió Highland darbh ainm *Drivetime with Lee Gooch.*



*Múinteoirí bunscoile ó gach páirt den chontae agus baill foirne ó Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha i gcuideachta an t-éiceolaí, údar agus craoltóir, Éanna Ní Lamhna (sa líne thosaigh, i lár báire) ag an chúrsa 'Ag Foghlaim tríd an Tírdhreach' taobh amuigh d'Ionad Oideachais Theach an Droichid i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha i mí Iúil*
Grianghraf: Joseph Gallagher

## Dámhachtain do Phailneoir

Rinne na hOifigí Oidhreachta Údarás Áitiúil agus na hOifigí Bithéagsúlachta urraíocht ar Dhámhachtain úrnua bliantúil an Údaráis Áitiúla do Phailneoirímar pháirt de chomórtas na mBailte Slachtmhara. Spreagann an dámhachtain grúpaí áitiúla le cur i bhfeidhm a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cairdiúil do phailneoirí ina gcuid bailte agus sráidbhailte mar chuid den Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí.




*Sa phictiúr a tarraingíodh ag aonad craoltóireachta lasmuigh de 'Highland Radio', tá an craoltóir Lee Gooch, Judith McCarthy (Cúramaí, Músaem Contae Dhún na nGall) agus Joseph Gallagher (Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae Dhún na nGall)*
Grianghraf: Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall

## Oíche Chultúrtha

Mar chuid den Oíche Chultúrtha i Meán Fhómhair, d'óstáil an Oifig Oidhreachta turas siúil ar oidhreacht thógtha darbh ainm Lawrence's Letterkenny le Colm Murray, Oifigeach Ailtireachta ón Chomhairle Oidhreachta, ar fhreastal níos mó ná 70 duine air. Maraon leis an turas siúil bhí taispeántas sealadach de 14 pictiúr de Leitir Ceanainn ó Bhailiúchán Lawrence ar taispeántas in aghaidheanna siopa 12 gnó ar fud an Phríomhshráid chomh cóngarach de na hionaid amhairc ar ghlac Robert French na bunphictiúir.

## Comhairle agus Tacaíocht

Chuir an Oifig Oidhreachta comhairle ar fáil do mhórán grúpaí pobail agus daoine aonair ar fud an chontae agus ar Chlár Deontais an Chomhairle Oidhreachta, ar Scéim Deontais na bhFoirgnimh Feirme Traidisiúnta, ar Scéim Adopt-a-Monument agus ar dheontais eile d'oidhreacht thógtha. Fosta, chuir an Oifig Oidhreachta tacaíocht ar fáil d'Fhéile Cloiche Thír Chonaill i nGleann Cholm Cille i mí Mheithimh, féile a bhí eagraithe ag Cumann Bhalla Cloiche na hÉireann d'athchóiriú balla cloiche, staidéar ar flóra ghruaimhíní an bhealaigh in Inis Eoghain le Aulino Wann & Comhpháirtithe, turas treoraithe de shuíomh mainistreach Droim Thuama le linn an tSeachtain Oidhreachta, agus téama d'oidhreacht Dhún na nGall i gceardlanna cartúin i Leabharlanna le linn Wainfest i mí Dheireadh Fómhair. Chomh maith leis sin, chuir an Oifig Oidhreachta ar fáil comhairle chaomhantais do Theach Néill Uí Dhónaill, Loch an Iúir, agus do na The Laurels (teach aintíní Brian Friel), Na Gleanntaí. Cabhraigh na gníomhaíochtaí seo le hiarrachtaí an phobail caomhnú a dhéanamh ar na samplaí tábhachtacha seo d'oidhreacht thógtha agus chultúrtha an chontae.




*Balla 'Clocha na hÉireann', Gleann Cholm Cille, Meitheamh 2016*
Grianghraf: Eileen Burgess

# Clár cuimhniúcháin céad bliain ar Éire 2016

Bhí 2016 ina bliain de ghníomhaíocht fhorleathan i nDún na nGall, ag comóradh imeachtaí d'Éirí Amach 1916, ag caitheamh súil siar ar ár n-éachtaí le céad bliain anuas agus ag amharc i dtreo ár dtodhchaí.

## Bainistiú Cláir

Ba í an Comhordaitheoir Eileen Burgess, Leabharlannaí Contae/ Bainisteoir Roinne ar Sheirbhísí Cultúrtha, a rinne bainistiú ar an chlár. Chas coiste áitiúil le chéile go mall in 2015 agus i rith 2016, coiste a bhí déanta suas de 10 Ball Tofa, 5 ionadaí ón phobal a bhí ainmnithe tríd an Ghréasán do Rannpháirtíocht Phoiblí, agus 5 ball foirne den Chomhairle. Mar Chathaoirleach ar an choiste bhí an Clr Marie-Therese Ní Ghallachóir, atá gaolta leis an Maorghinearál Joseph Sweeney, duine de na daoine a bhí i láthair sa GPO le linn Éirí Amach na Cásca.

## Clár cuimhniúcháin d'imeachtaís

Seoladh an clár seo i mí Eanáir, leis an aoí speisialta Pat Gillespie a tháinig ar an tsaol i 1916. Tugadh pionna cuimhniúcháin do Pat agus dúirt sé gurbh é seo ceann de na laetha ab fhearr ina shaol. Bhí leibhéal na rannpháirtíochta pobail i bhfad níos mó ná bhítheas ag dréim leis agus bhí an dá scéim deontais ró-shuibscríofa. Rinneadh seachadadh ar na himeachtaí sna seacht sraith go léir agus bhí siad ar siúl i mbeagnach gach coirnéal den chontae, agus ar a laghadh in dhá oileán. Ba é ceann de na tionscadail pobail ab fhearr ná léarscáil cloiche d'Éirinn a tógadh i nGleann Cholm Cille, ina raibh clocha agus saoir cloiche as gach cearn d'Éirinn.

## Imeachtaí gléaschomharthaí Chomhairle Contae Dhún na nGall

Chuaigh an Chomhairle i mbun roinnt tionscadal gléaschomharthaí, ar a n-áirítear an t-ainmní do dhámhachtain Turner, Willie Doherty, coimisiún físe a cheannródaigh an ICR, ceann de naoi thionscadail maoinithe ag an Chomhairle Ealaíon faoi a scairt ar shamhlaíocht Éireannach. Seoladh an taispeántas seo ag Féile Ealaíon an Earagail agus ina dhiaidh sin taispeánadh é i mBaile Átha Cliath agus i Londain. Bhí an taispeántas Dún na nGall i 1916 i Músaem an Chontae agus bhí an pacáiste oideachais a bhí in éineacht leis, faoi threoir an tSeirbhís Carthlainne le tacaíocht ó fhoireann an Mhúsaeim, na Leabharlainne agus na hOidhreachta, déanta le taighde maith agus glacadh leo go maith. Bhí leagan taistil den taispeántas ar siúl ar Oileán Thoraí agus ag Scoil Shamhraidh MacGill agus in ionaid eile, agus d'iarr institiúidí tríú leibhéal ar fud an domhain cóipeanna den phacáiste oideachais.



*Maquette de 'History Table: Elevation,' leis an ealaíontóir Brian Connolly, a roghnaíodh mar leacht cuimhniúcháin na Comhairle Contae, le bheith suite ar An Diamant, Leifear*
Grianghraf: Clive Wasson

D'eagraigh an tSeirbhís Leabharlainne oiliúint don fhoireann, ceardlanna poiblí agus comhdháil ar Cuimhneadh Eiticiúil. Tháinig rannpháirtithe ó chúlraí éagsúla le chéile in ionaid iontaofa neodracha faoi choinne diospóireachtaí dúshlánacha ach d'éirigh go han-mhaith leo. Is féidir tuilleadh sonraí orthu seo agus ar imeachtaí comórtha eile a fháil faoi na rannóga seirbhíse indibhidiúil. Rinne an Chomhairle coimisiniú ar History Table: Elevation, leis an ealaíontóir cáiliúil Brian Connolly le bheith suite sa Diamant i Leifear, Baile Contae.

## TV

Bhí lúcháir mhór orainn a bheith roghnaithe le cuidiú leis an taighde do cheann de na ceithre clár I*reland's Rising* ar RTÉ – ag taiscéáladh stair teaghlaigh 1916 d'iar-bhainisteoir Dhún na nGall, Jim McGuinness.